**CINNEADH (AE) [2023/2818 ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH**

**an 7 Nollaig 2023**

**lena leagtar síos na bearta is gá chun an ranníocaíocht le luach cothromais carntha an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus chun éilimh na mbanc ceannais náisiúnta atá coibhéiseach leis na cúlchistí eachtracha aistrithe a choigeartú agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) |2020/6) *(BCE/2023/34)***

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 30 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Cinneadh (AE) 2023/2811 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2023/31) ([1]) go ndéanfar an an scála le haghaidh shuibscríobh chaipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) (an 'scála caipitil' anseo feasta) a choigeartú, de réir Airteagal 29.3 de Reacht Chóras Eorpach na mBanc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh ('Reacht an BCE' anseo feasta) agus bunaítear, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, na hualuithe nua arna sannadh don bhanc cheannais náisiúnta (BCN) sa scála caipitil coigeartaithe ('na hualuithe scála caipitil' anseo feasta).

(2) De bharr na n-athruithe ar na hualuithe scála caipitil agus na hathruithe a tháinig as sin ar scaireanna na BCNanna i gcaipiteal suibscríofa an BCE is gá na héilimh a rinne an BCE, faoi Airteagal 30.3 de Reacht an CEBC, a chur do shochar BCNanna na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu ('BCNanna sa limistéar euro' anseo feasta) agus atá comhionann le ranníocaíochtaí ó BCNanna sa limistéar euro de chúlchistí eachtracha leis an BCE (na 'héilimh' anseo feasta). Dá bhrí sin, maidir leis na BCNanna sin sa limistéar euro a dtagann méadú ar a n-éilimh mar gheall ar mhéadú ar a n-ualuithe eochairchaipitil ón 1 Eanáir 2024, ba cheart dóibh aistriú cúiteach chuig BCE a dhéanamh, agus ba cheart do BCE aistriú cúiteach a dhéanamh chuig na BCNanna sin sa limistéar euro a dtagann laghdú ar a n-éilimh mar gheall ar laghdú ar a n-ualuithe eochairchaipitil.

(3) De réir phrionsabail ghinearálta na cothroime, na córa comhionainne agus cosaint na n-ionchas dlisteanach atá mar bhunús le Reacht an CEBC a chosaint, ba cheart go ndéanfadh na BCNanna sin sa limistéar euro a thagann méadú ar a sciar coibhneasta de luach cothromais carntha an BCE mar gheall ar na coigeartuithe thuasluaite aistriú cúiteach chuig na BCNanna sin sa limistéar euro a thagann laghdú ar a scaireanna coibhneasta.

(4) Ba cheart na hualaithe scála caipitil faoi seach de gach BCN sa limistéar euro go dtí 31 Nollaig 2023 agus le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 a chur in iúl mar chéatadán de chaipiteal iomlán an BCE mar atá suibscríofa ag gach NCB sa limistéar euro d'fhonn coigeartú an luacha a ríomh de sciar gach BCN sa limistéar euro i luach cothromais carntha an BCE.

(5) Dá réir sin, is gá cinneadh nua ón BCE a ghlacadh chun Cinneadh (AE) 2020/140 an Bhainc Cheannais Eorpaigh a aisghairm (BCE/2020/6) ([2]),

([1]) Cinneadh (AE) 2023/[XX*] ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Nollaig 2023 maidir le scaireanna céatadáin na mbanc ceannais náisiúnta san eochair le haghaidh suibscríobh le caipiteal an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2020/137 (BCE/2023/3) (BE/2023/31) (IO L, 2023/2811,18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2811/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2020/140 ón mBanc Ceannais Eorpach an 22 Eanáir 2020 lena leagtar síos na bearta is gá chun an ranníocaíocht le luach cothromais carntha an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus chun éilimh na mbanc ceannais náisiúnta atá coibhéiseach leis na cúlchistí eachtracha aistrithe a choigeartú agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2019/46 (BCE/2020/6) (IO L 27I, 1.2.2020, lch. 15).

TAR ÉIS AN CHINNIDH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe:**

Chun críche an Chinnidh seo:

(a) ciallaíonn 'luach cothromais carntha' iomlán chúlchistí, chuntais athluachála agus soláthairtí BCE atá coibhéiseach le cúlchistí lúide caillteanais charntha BCE gan íoc ó bhlianta roimhe sin agus an méid a a chomhfhreagraíonn d'iarmhéid an chuntais brabúis agus caillteanais atá fós le leithdháileadh ar chaillteanais charntha BCE ó bhlianta roimhe sin, arna ríomh ag BCE amhail an 31 Nollaig 2023. Áireofar i gcúlchistí an BCE agus sna soláthairtí sin atá coibhéiseach le cúlchistí, gan teorainn le ginearáltacht an luach cothromais carntha, an cúlchiste ginearálta agus an soláthar do rioscaí airgeadais;

(b) ciallaíonn 'dáta aistrithe' an dara lá gnó tar éis don Chomhairle Rialaithe cuntais airgeadais BCE a fhormheas don bhliain airgeadais 2023.

*Airteagal 2*

**Ranníocaíocht le cúlchistí agus soláthairtí an BCE**

1. Más rud é go dtagannn méadú ar sciar BCN sa limistéar euro sa luach cothromais carntha mar gheall ar mhéadú ar a eochairualú caipitil le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, aistreoidh an BCN sin sa limistéar euro an méid a chinnfear de bhun mhír 3 chuig an BCE ar dháta an aistrithe.

2. Más rud é go dtagannn laghdú ar sciar BCN sa limistéar euro sa luach cothromais carntha mar gheall ar mhéadú ar a eochairualú caipitil le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, gheobhaidh an BCN sin sa limistéar euro an méid a chinnfear de bhun mhír 3 chuig an BCE ar dháta an aistrithe.

3. Déanfaidh BCE, ar an lá nó roimh an lá a dhéanfaidh an Chomhairle Rialaithe cuntais airgeadais BCE don bhliain airgeadais 2023 a fhormheas, an méid atá le haistriú ag BCN an limistéir euro sin chuig BCE i gcás ina bhfuil feidhm ag mír 1 a ríomh agus a dhaingniú do gach BCN sa limistéar euro, nó an méid a gheobhaidh BCN sa limistéar euro sin ó BCE i gcás ina mbeidh feidhm ag mír 2. Faoi réir slánaithe, ríomhfar gach méid atá le haistriú nó le fáil tríd an luach cothromais carntha a iolrú faoin difríocht iomlán idir ualú scála caipitil de gach BCN sa limistéar euro an 31 Nollaig 2023 agus a ualú scála caipitil le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 agus an toradh a roinnt ar 100.

4. Beidh gach méid a thuairiscítear i mír 3 dlite in euro an 1 Eanáir 2024 ach aistreofar go héifeachtach é ar dháta an aistrithe.

5. Ar dháta an aistrithe, déanaidh BCN sa limistéar euro nó BCE a gceanglófar air méid a aistriú faoi mhír 1 nó mír 2, aon ús fabhraithe thar an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an dáta aistrithe ar gach ceann de na méideanna faoi seach a bheidh dlite óna leithéid de BCN sa limistéar euro agus ón BCE, a aistriú chomh maith. Beidh na haistritheoirí agus na faighteoirí den ús seo na haistritheoirí agus na faighteoirí céanna de na méideanna a bhfabhrófar an t-ús orthu.

6. Más rud é go mbeidh an luach cothromais carntha níos lú ná nialas, socrófar na méideanna nach mór a aistriú nó a fháil faoi mhír 3 agus mír 5 sna treoracha contrártha dóibh siúd a shonraítear i mír 3 agus i mír 5.

*Airteagal 3*

**Coigeartú ar na héilimh atá coibhéiseach leis na cúlsócmhainní eachtracha aistrithe**

1. Coigeartófar éilimh na BCNanna sa limistéar euro le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 de réir a n-ualuithe scála caipitil arna gcoigeartú. Léirítear luach éilimh BCN an limistéir euro le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 sa tríú colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

2. Measfar, de bhua na forála seo agus gan aon fhoirmiúlacht nó gníomh breise a bheith riachtanach, gur aistrigh nó go bhfuair gach BCN sa limistéar euro an 1 Eanáir 2024 luach iomlán an éilimh in euro a thaispeántar in aice lena ainm sa cheathrú colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, trína ndéanfaidh '-' tagairt d'éileamh a dhéanfaidh BCN sa limistéar euro a aistriú chuig an BCE agus trína ndéanfaidh '+' tagairt d'éileamh a dhéanfaidh an BCE aaistriú chuig BCN sa limistéar euro.

3. Ar an gcéad lá oibríochta den Uathchóras Mear-aistrithe Ollsocraíochtaí Fíor-ama Tras-Eorpach (TARGET) tar éis 1 Eanáir 2024, aistreoidh nó gheobhaidh gach BCN sa limistéar euro luach iomlán an mhéid in euro a thaispeántar in aice lena ainm sa cheathrú colún den tábla san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, trína ndéanfaidh '+' tagairt do mhéid a dhéanfaidh BCN sa limistéar euro a aistriú chuig an BCE agus trína ndéanfaidh '-' tagairt do mhéid a dhéanfaidh an BCE aaistriú chuig BCN sa limistéar euro.

4. Ar an gcéad lá oibríochta de TARGET, tar éis 1 Eanáir 2024, déanaidh BCN sa limistéar euro nó BCE a gceanglófar air méid a aistriú faoi mhír 3, aon ús a fhabhrófar thar an tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an dáta aistrithe ar gach ceann de na méideanna faoi seach a bheidh dlite óna leithéid de BCN sa limistéar euro agus ón BCE, a aistriú chomh maith ar leithligh. Beidh na haistritheoirí agus na faighteoirí den ús seo na haistritheoirí agus na faighteoirí céanna de na méideanna a bhfabhrófar an t-ús orthu.

*Airteagal 4*

**Forálacha ginearálta**

1. Déanfar an t-ús a fhabhróidh faoi Airteagal 2(5) agus Airteagal 3(4) a ríomh ar bhonn laethúil, ag baint úsáide as an modh ríofa iarbhír de-os cionn-360-lá, ag ráta a bheidh comhionann leis an ráta úis imeallach is déanaí atá ar fáil a úsáideann an Eurochóras ina thairiscintí do phríomhoibríochtaí athmhaoinithe.

2. Maidir le gach aistriú de bhun Airteagal 2(1),(2) agus (5), Airteagal 3(3) agus (4) déanfar iad ar leithligh trí TARGET.

3. Tabharfaidh an BCE agus na BCNanna i limistéar an euro atá faoi oibleagáid aon cheann de na haistrithe dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh, na treoracha riachtanacha in am trátha.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm agus aisghairm**

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

2. Déantar Cinneadh (AE) 2020/140 (BCE/2020/6) a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

3. Déanfar tagairtí do Chinneadh (AE) 2020/140 (BCE/2020/6) a léiriú mar thagairtí don Chinneadh seo.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 7 Nollaig 2023.

*Uachtarán BCE*
Christine LAGARDE

*IARSCRÍBHINN*

**ÉILIMH ATÁ COIBHÉISEACH LEIS NA CÚLSÓCMHAINNÍ EACHTRACHA ARNA nAISTRIÚ CHUIG AN BCE**

| BCN an limistéir euro | Éileamh atá coibhéiseach leis na cúlsócmhainní eachtracha arna naistriú chuig an BCE, an 31 Nollaig 2023 (EUR) | Éileamh atá coibhéiseach leis na cúlsócmhainní eachtracha arna naistriú chuig an BCE, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 (EUR) | Méid an aistrithe (EUR) |
|---|---|---|---|
| Nationale Bank van België/ Banque Nationale de Belgique | 1 469 828 529,30 | 1 488 430 814,09 | + 18 602 284,79 |
| Deutsche Bundesbank | 10 635 248 657,12 | 10 801 677 098,42 | + 166 428 441,30 |
| Eesti Pank | 113 647 558,58 | 120 890 048,12 | + 7 242 489,54 |
| Central Bank of Ireland/Banc Ceannais na hÉireann | 683 175 109,87 | 883 534 118,64 | + 200 359 008,77 |
| Bank of Greece | 997 925 768,61 | 916 422 958,16 | – 81 502 810,45 |
| Banco de España | 4 810 848 484,64 | 4 796 413 111,64 | – 14 435 373,00 |
| Banque de France | 8 239 968 860,78 | 8 114 316 627,74 | – 125 652 233,04 |
| Hrvatska narodna banka | 327 152 181,93 | 313 956 961,25 | – 13 195 220,68 |
| Banca d'Italia | 6 853 825 810,01 | 6 498 050 912,54 | – 355 774 897,47 |
| Central Bank of Cyprus | 86 810 662,38 | 89 390 179,20 | + 2 579 516,82 |
| Latvijas Banka | 157 201 708,04 | 157 201 708,04 | 0,00 |
| Lietuvos bankas | 233 495 878,75 | 239 399 003,79 | + 5 903 125,04 |
| Banque centrale du Luxembourg | 132 894 722,58 | 147 627 732,14 | + 14 733 009,56 |
| Central Bank of Malta | 42 313 997,15 | 52 235 215,71 | + 9 921 218,56 |
| De Nederlandsche Bank | 2 364 325 594,45 | 2 396 271 918,20 | + 31 946 323,75 |
| Oesterreichische Nationalbank | 1 180 823 432,72 | 1 199 227 293,14 | + 18 403 860,42 |
| Banco de Portugal | 944 251 976,21 | 943 210 248,26 | – 1 041 727,95 |
| Banka Slovenije | 194 257 459,36 | 200 458 220,96 | + 6 200 761,60 |
| Národná banka Slovenska | 462 031 148,22 | 466 446 090,48 | + 4 414 942,26 |
| Suomen Pankki | 741 065 420,16 | 736 799 296,18 | – 4 266 123,98 |
| **Iomlán** ([1]): | **40 671 092 960,86** | **40 561 959 556,70** | **– 109 133 404,16** |

([1]) Mar gheall ar shlánú, d'fhéadfadh sé tarlú, nach bhfreagróidh na hiomláin do shuim na bhfigiúirí uile a thaispeántar.